



Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Ardrúnaíocht

An Ard-Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eagraíochtúil agus Seirbhísí – ORG
An tArd-Stiúrthóir

An Bhruiséil, an 2 Meitheamh 2022

Tag: ORG/121/22

SGS 22 / 02605

Klaus-Heiner Lehne
Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Lucsamburg

Trí ríomhphost: Eca-DQC-contact@eca.europa.eu

Ábhar: Freagra ar na réamhbharúlacha maidir leis an iniúchadh 'Institiúidí an Aontais agus COVID-19 - Freagairt thapa, dúshlán romhainn i gcónaí chun an leas is fearr a bhaint as an nuálaíocht agus an tsolúbthacht faoi anáil géarchéime'

Cóip: Marek Opiola, Comhalta de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

A Uasail Lehne, a chara,

Aontaímid le measúnú foriomlán na Cúirte gur léirigh an Chomhairle a hathléimneacht i dtaca le paindéim COVID-19, dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. D'fhreagair Ardrúnaíocht na Comhairle go tapa agus go solúbtha agus, dá bhrí sin, bhí sí in ann an méid seo a leanas a áirithiú:

- leanúnachas gnó na Comhairle agus Chomhairle na nAirí, rud a chuir ar chumas an dá institiúid agus a nUachtarán a sainorduithe faoi seach a chomhlíonadh; agus
- sábháilteacht fhoireann na hArdrúnaíochta chomh maith le sábháilteacht na dtoscairí agus na n-aíonna seachtracha uile a tháinig chuig ár bhfoirgnimh.

Chun na críche sin, bhí an Ardrúnaíocht in ann tógáil ar a cuid infheistíochtaí sa digiteáil agus san ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna. Rinneadh luas agus solúbthacht na freagartha a ráthú trí chur chuige sofheagrúil réamhghníomhach na heagraíochta, trí sholúbthacht atá de dhlúth agus d'inneach sna rialacha agus nósanna imeachta atá ann cheana agus a d'fhéadfaí a chur in oiriúint go héasca de réir mar ba ghá, agus trí fhreagairt thapa a thabhairt i ndáil le dlús a chur le tionscadail leanúnacha nuachóirithe, bíodh réimse na teicneolaíochta faisnéise nó bealaí nua oibre i gcoitinne i gceist. Bhí an chumarsáid leis an bhfoireann, le toscairí agus le haíonna seachtracha ríthábhachtach le linn na tréimhse dúshlánaí sin, agus bhain an tábhacht chéanna leis an idirghníomhú, an malartú faisnéise agus an comhordú, i gcás inar leordhóthanach, le hinstiúidí eile an Aontais agus leis na húdaráis náisiúnta.

Maidir leis an measúnú a rinne an Chúirt ar an teilea-obair lasmuigh den áit fostaíochta, ba mhaith leis an Ardrúnaíocht a chur i dtreis go measann sí gur beart é sin atá chun leasa na seirbhíse faoi choinníollacha áirithe a shainítear sa chinneadh ón Ardrúnaíocht maidir leis an teilea-obair.

Maidir le moltaí na hiniúcháireachta agus gan dochar d'aon seasamh a d'fhéadfadh an Chomhairle a ghlacadh i leith na tuarascála tráth a scrúdóidh sí í:

Moladh 1: Glacann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh leis an moladh. I bhfianaise chineál a cúraimí agus shaintréithe an dá institiúid ar a bhfreastalaíonn sí, measann an Ardrúnaíocht go ndéantar foráil sna pleananna leanúnachais gnó atá ann cheana d'athdhearbhú agus do sholúbthacht leordhóthanach chun freagairt ar ghéarchéimeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha de chineálacha éagsúla. Measann an Ardrúnaíocht freisin gur oibrigh an idirghníomhaíocht, an malartú faisnéise agus an comhordú leis na hinstiúidí eile go han-mhaith le linn chéimeanna éagsúla na paidéime de bharr na húsáide a baineadh as na bealaí agus na fóraim atá ann cheana. Mar sin féin, tabharfar na pleananna leanúnachais gnó cothrom le dáta i dtaca le géarchéimeanna níos fadtéarmaí. De réir an mholta seo, rannchuideoidh Ardrúnaíocht na Comhairle leis an gcomhordú idirinstiúideach i gcomhthéacs Choláiste na gCeannasaithe Riaracháin agus fóraim eile a d'fhéadfadh a bheith ann.

Moladh 2: Glacann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh leis an moladh. Tabharfar an obair chun cinn i gcomhthéacs tionscadal leanúnach TF maidir le síniú leictreonach, lena n-áirítear tionscadail maidir le conarthaí digiteacha agus doiciméid airgeadais a shíniú go leictreonach chomh maith le húsáid níos mó a bhaint as uirlisí ríomhsholáthair, an reachtaíocht náisiúnta i ndáil leis an méid sin á cur san áireamh.

Moladh 3: Glacann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh leis an moladh. Cuireadh tús le roinnt de na measúnuithe a iarradh sna moltaí. Déanfar na sraitheanna eile de bhealaí nua oibre a mheasúnú i gcomhthéacs na forbartha arna déanamh ar straitéis nua foirgneamh na Comhairle, an mheasúnaithe ar an tionscadal píolótach i ndáil le bealaí nua oibre agus obair an choiste stiúrtha comhshaoil.



William SHAPCOTT
An tArd-Stiúrthóir